2023/2228

24.10.2023

CINNEADH (CBES) 2023/2228 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1763 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1763 [1] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2015/1763, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1763 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2015/1763, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 23 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

[1] Cinneadh (CBES) 2015/1763 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin (IO L 257, 2.10.2015, lch. 37).